Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Aibreán 2022
(OR. en)

8001/22

LIMITE

CORLX 329
CFSP/PESC 455
RELEX 449
COEST 273
FIN 408

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, arna shíniú ag Stefano SANNINO, an tArdrúnaí |
| dáta a fuarthas: | 5 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad HR(2022) 93.

Faoi iamh: HR(2022) 93

PUBLIC

AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ

**Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle**

**an 5/4/2022**

**le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

**HR(2022) 93**
*Limited*

PUBLIC

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/... ÓN GCOMHAIRLE**

**an [ll/mm/2022]**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine ([1]) nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) An 24 Feabhra 2022, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise oibríocht mhíleata san Úcráin agus chuir fórsaí armtha na Rúise tús le hionsaí ar an Úcráin. Is sárú follasach ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine an t-ionsaí sin.

(4) Thairis sin, measann an Chomhairle gur cheart cuideachtaí a thugann tacaíocht airgeadais do Rialtas Chónaidhm na Rúise agus a thairbhíonn as, agus a thugann tacaíocht, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine

[1] IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur leis an liosta freisin.

(5) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gurb iomchuí ball amháin den teaghlach, a thairbhíonn go míchuí de mhórphearsa ghnó, a thug tacaíocht ghníomhach agus go hábharach agus ó thaobh airgeadais de do chinnteoirí Rúiseacha a chur ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

PUBLIC

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

Cuirtear an duine seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

***Daoine***

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1112. | Gulbakhor ISMAILOVA (ar a dtugtar freisin Ismailova Gulbakhor)<br><br>Гульбахор Исмаилова | Dáta breithe: 22.12.1959<br><br>Áit bhreithe: Uzbekistan<br><br>Seoladh: Apartment 81-83, 79 Ustabayeva Street 1000187 Tashkent (UZ)<br><br>Duine aonair comhlachaithe: Alisher Usmanov, deartháir<br><br>Pasuimhir: Pasuimhir Rúiseach Uimh. 71 3059195<br><br>Inscne: Baineann | Is deirfiúr le Alisher Usmanov í Gulbakhor Ismailova, olagarc ar son an Kremlin atá liostaithe faoi Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle. Léirigh imscrúduithe a rinne an German Federal Criminal Police Office (Bundeskriminalamt) gur aistrigh Alisher Usmanov sócmhainní go hindíreach chuig a dheirfiúr Gulbakhor Ismailova. Go háirithe, is é úinéir an luaimh 'Dilbar' Navis Marine Ltd. (Oileáin Cayman) arb é Almenor Holdings Ltd. (An Chipir) a scairshealbhóir. Tá na scaireanna uile sa chuideachta shealbhaíochta seo á sealbhú ag Pomerol Capital SA (an Eilvéis) ar iontaobhas ar mhaithe le 'The Sisters Trust'. Ó 2017 i leith, níl Usmanov ina scairshealbhóir den chuideachta iontaobhais sin a thuilleadh, rud a fhágann gurb í a dheirfiúr, Gulbakhor Ismailova, aon úinéir tairbhiúil an luaimh 'Dilbar'.<br><br>Tá nasc aici freisin le só-réadmhaoin san Iodáil agus sa Laitvia, só-réadmhaoin is féidir a nascadh lena deartháir Alisher Usmanov. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha í a bhfuil baint aici le Alisher Usmanov (a deartháir), a thug tacaíocht ghníomhach agus go hábharach agus ó thaobh airgeadais de do chinnteoirí Rúiseacha atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine agus a thacaigh go gníomhach le beartais rialtas na Rúise maidir le díchobhsú na hÚcráine. | |